COMHDHÁIL MAIDIR LE hAONTACHAS LEIS AN AONTAS EORPACH
– MONTAINÉAGRÓ–

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**AD 27/26**

**LIMITE**

**CONF-ME 16**

PUBLIC

**DOICIMÉAD AONTACHAIS**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Comhsheasamh ón Aontas Eorpach<br>- Caibidil 28: Tomhaltóirí agus cosaint sláinte |

## COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH

**Caibidil Chaibidlíochta 28: Tomhaltóirí agus cosaint sláinte**

Tá an seasamh seo ón Aontas Eorpach bunaithe ar an seasamh ginearálta uaidh le haghaidh na Comhdhála Aontachais le Montainéagró (AD 23/12 CONF-ME 2) agus tá sé faoi réir na bprionsabal caibidlíochta a fhormhuinítear ann, go háirithe na prionsabail seo a leanas:

– aon tuairim a chuirfidh ceachtar páirtí in iúl maidir le haon chaibidil den chaibidlíocht, ní dhéanfaidh sí réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir leis na caibidlí eile;

– na comhaontuithe sin a dtiocfar orthu i gcaitheamh na caibidlíochta ar na caibidlí a ndéanfar scrúdú orthu i ndiaidh a chéile – fiú mura bhfuil iontu ach páirtchomhaontuithe – ní fhéadfar a mheas gur comhaontuithe críochnaitheacha iad go dtí go mbunófar comhaontú foriomlán;

– agus tá sé faoi réir na riachtanas a leagtar amach i bpointí 24, 28, 41 agus 44 den Chreat Caibidlíochta.

Molann an tAontas do Mhontainéagró leanúint de phróiseas an ailínithe le *acquis* an Aontais, agus é á thabhairt dá aire aige go bhféadfadh *acquis* breise teacht i bhfeidhm roimh an aontachas, chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach an *acquis* a áirithiú, agus molann sé dó, roimh an aontachas, beartais agus ionstraimí a fhorbairt a bheidh chomh gar agus is féidir do bheartais agus ionstraimí an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann Montainéagró, sna seasaimh caibidlíochta AD 23/14 CONF-ME 18 agus AD 10/26 CONF-ME 9 uaidh, an *acquis* faoi chaibidil 28 mar atá i bhfeidhm ón 30 Márta 2026, agus go ndearbhaíonn sé go mbeidh sé faoi réir le haghaidh chur chun feidhme an acquis faoi dháta a aontachais leis an Aontas Eorpach.



PUBLIC

**Cosaint an tomhaltóra**

Maidir le **saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht táirgí**, ghlac Montainéagró an Dlí maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí atá ailínithe le Rialachán (AE) 2023/988, lena n-aisghairtear Treoir 2001/95/CE agus Treoir 87/357/CEE ón gComhairle.

Tugann an tAontas dá aire gur ghlac Montainéagró reachtaíocht cur chun feidhme maidir le feidhmiú agus oibriú an Chórais Mear-Rabhaidh agus maidir leis an gCóras Malartaithe Faisnéise le haghaidh Táirgí a bhfuil Riosca ag baint leo, bunaithe ar a Dhlí maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró ailíniú na tíre le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2639 ón gCoimisiún maidir le róil agus cúraimí do phointí teagmhála náisiúnta aonair an Chórais Mear-Rabhaidh Safety Gate a thabhairt chun críche faoi lá an aontachais.

Is díol sásaimh don Aontas na leasuithe ar Dhlí Mhontainéagró maidir le Faireachas Margaidh ar Tháirgí chun a áirithiú go mbeidh sé ailínithe le Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí. Rialaítear sábháilteacht táirgí freisin trí Dhlí Mhontainéagró maidir le Ceanglais Theicniúla le haghaidh Táirgí agus Measúnú Comhréireachta.

I réimse leasanna eacnamaíocha na dtomhaltóirí (ar a dtugtaí saincheisteanna nach mbaineann le sábháilteacht roimhe seo), is díol sásaimh don Aontas gur glacadh an Dlí maidir le cosaint tomhaltóirí i mí Feabhra 2026 lenar méadaíodh ailíniú Mhontainéagró le *acquis* an Aontais sa réimse sin, lena n-áirítear Treoir 2011/83/AE maidir le cearta tomhaltóirí mar a cheanglaítear leis an tagarmharc deiridh tiomnaithe faoin gcaibidil seo. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró ullmhúchán a dhéanamh chun an chéad tuarascáil náisiúnta maidir le Réiteach Malartach Díospóidí uaidh a chomhroinnt (oibleagáid ar Bhallstáit an Aontais gach 4 bliana) ar cheart faisnéis a áireamh inti maidir leis na dúshláin atá ann faoi láthair chun sásra éifeachtach um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt a áirithiú le haghaidh díospóidí tomhaltóirí intíre agus trasteorann. Tá an tAontas ag dréim freisin go mbunóidh Montainéagró Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí ar a chríoch faoi thráth an aontachais.

PUBLIC

Is díol sásaimh don Aontas gur áirithíodh freisin le Dlí nua Mhontainéagró maidir le Cosaint Tomhaltóirí ailíniú le forálacha áirithe de Rialachán (AE) 2017/2394 maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú. Áirítear orthu sin forálacha maidir leis an oifig idirchaidrimh aonair, chomh maith le híoschumhachtaí imscrúdaitheacha agus forfheidhmiúcháin agus comhar idir údaráis atá inniúil chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na reachtaíochta maidir le cosaint tomhaltóirí. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró an oifig idirchaidrimh aonair a oibríochtú tráth an aontachais. Ghlac Montainéagró na rialacháin cur chun feidhme le haghaidh Rialachán (AE) 2017/2394 freisin, a mbeidh feidhm leo ó dháta an aontachais.

Roimh an aontachas, meastar go leanfaidh Montainéagró dá reachtaíocht a ailíniú le *acquis* an Aontais atá ag teacht chun cinn i réimse na cosanta tomhaltóirí agus na sábháilteachta táirgí agus go dtabharfar chun críche é. Baineann sé sin go háirithe le leasuithe ar an Dlí nua maidir le Cosaint Tomhaltóirí chun é a ailíniú le Treoir (AE) 2023/2673, Treoir (AE) 2024/1799, Treoir (AE) 2024/825, lena n-áirítear Rialachán cur chun feidhme 2025/1960 ón gCoimisiún, agus Treoir 2025/2647. Baineann sé sin freisin le leasuithe ar an Dlí maidir le Creidmheas Tomhaltóirí chun é a ailíniú le Treoir (AE) 2023/2225 agus leasuithe ar an Dlí maidir le Turasóireacht agus Fáilteachas lena n-áirithítear ailíniú iomlán leis an Treoir nua maidir le Taisteal Láneagraithe (i.e. lena leasaítear Treoir (2015/2302/AE).

A mhéid a bhaineann le hacmhainneacht riaracháin, tugann an tAontas dá aire gur neartaigh Montainéagró ról agus éifeachtacht na Comhairle um Chosaint Tomhaltóirí go leanúnach ó bunaíodh í in 2014. Maidir leis an acmhainneacht chun *acquis* an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí a chur chun feidhme, tugann an tAontas dá aire leagan amach cuimsitheach riaracháin institiúidí Mhontainéagró atá freagrach as pleanáil straitéiseach agus forbairt beartais agus iad siúd atá freagrach as leasanna tomhaltóirí a chosaint. Tá an tAontas ag dréim go ndéanfaidh Montainéagró tuilleadh dul chun cinn maidir le cigirí faireachais margaidh breise a earcú agus go gcuirfidh sé feabhas ar eolas agus scileanna an phearsanra sna comhlachtaí agus sna húdaráis atá freagrach as cur chun feidhme cuí na reachtaíochta maidir le cosaint tomhaltóirí. Ina theannta sin, molann an tAontas do Mhontainéagró rannpháirtíocht na rialtas áitiúil i gcosaint tomhaltóirí a neartú agus tacaíocht airgeadais inbhuanaithe intuartha a áirithiú d’eagraíochtaí tomhaltóirí agus do shásraí um réiteach díospóidí tomhaltóirí lasmuigh den chúirt.


PUBLIC

Tathantaíonn an tAontas ar Mhontainéagró an Plean Gníomhaíochta a ghlac sé a chur chun feidhme, lena bhforáiltear, faoi threoir na moltaí i dtuarascáil athbhreithnithe piaraí 2026, do bhearta chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá fós ann maidir le hacmhainneacht *acquis* an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí agus sábháilteacht táirgí a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú faoi dháta an aontachais. Go háirithe, geallann Montainéagró sa Phlean Gníomhaíochta seo a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag na húdaráis inniúla chun páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí comhair um chosaint tomhaltóirí dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2017/2394 agus maidir le sábháilteacht táirgí.

**Tugann an tAontas dá aire, le glacadh na reachtaíochta a thuairiscítear thuas agus leis an bhfothú acmhainneachta riaracháin atá ar siúl faoi láthair agus atá beartaithe, go gcomhlíontar ceanglais an chéad tagarmhairc deiridh a leagtar amach in AD 32/14 CONF-ME 26.**

**An tSláinte Phoiblí**

Meabhraítear don Aontas go bhfuil éifeachtúlacht, inbhuanaitheacht airgeadais agus éifeachtacht an chórais cúraim sláinte i Montainéagró ríthábhachtach do chúram sláinte poiblí ar ardchaighdeán, iontaofa, inacmhainne agus cothrom. Meabhraítear don Aontas a thábhachtaí atá cothromas sláinte, cur chun cinn éifeachtach na sláinte agus cosc galar, go háirithe a mhéid a bhaineann le gach toisc shláinte, comhionannas inscne, agus aosú gníomhach folláin.

I réimse **an rialaithe tobac**, is díol sásaimh don Aontas gur ghlac Montainéagró reachtaíocht phríomha agus thánaisteach arb é is aidhm di ailíniú le *acquis* an Aontais agus tá sé ag súil go n-áiritheoidh Montainéagró ailíniú iomlán le *acquis* rialaithe tobac uile an Aontais a áirithiú faoi thráth an aontachais mar aon le hacmhainneacht chuimsitheach le haghaidh cur chun feidhme agus forfheidhmiú cuí. Ghlac Montainéagró an Dlí maidir le Srian a chur ar Úsáid Táirgí Tobac atá beartaithe chun ailíniú le Treoir 2014/40/AE maidir le monarú, cur i láthair agus díol tobac agus táirgí gaolmhara agus Moladh 2003/54/CE ón gComhairle maidir le caitheamh tobac a chosc agus maidir le tionscnaimh chun rialú tobac a fheabhsú. Tathantaíonn an tAontas ar Mhontainéagró ailíniú leis an Moladh ón gComhairle an 3 Nollaig 2024 maidir le timpeallachtaí atá saor ó thobac agus ó aerasóil lena n-ionadaítear Moladh 2009/C 296/02 ón gComhairle. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró leasú a dhéanamh ar an Dlí maidir le srian a chur ar úsáid táirgí tobac chun ailíniú le Treoir Tharmligthe (AE) 2022/2100 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le díolúintí áirithe a tharraingt siar i gcás táirgí tobac téite.



PUBLIC

I réimse na **ngalar teagmhálach**, is díol sásaimh don Aontas gur ghlac Montainéagró an Dlí maidir le Cosaint an Phobail ar Ghalair Theagmhálacha agus an reachtaíocht cur chun feidhme ábhartha chun ailíniú le Cinneadh 2000/57/CE maidir leis an gcóras luathrabhaidh agus freagartha agus le Cinneadh (AE) 2018/945 maidir le galair theagmhálacha agus saincheisteanna sláinte speisialta gaolmhara atá le cumhdach le faireachas eipidéimeolaíoch chomh maith le sainmhínithe cáis ábhartha.

Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró a Phlean Gníomhaíochta maidir le Bagairtí Trasteorann Sláinte a Chosc agus Ullmhacht chun Freagairt orthu a chur chun feidhme go pras agus go héifeachtach i mí na Nollag 2025, ina sainítear bearta chun acmhainneachtaí institiúideacha, riaracháin agus teicniúla a neartú, chomh maith le hoibleagáidí comhordúcháin agus tuairiscithe i leith an Aontais. Tugann an tAontas dá aire tiomantas Mhontainéagró an Plean sin a ailíniú le Plean Coisc, Ullmhachta agus Freagartha (PPR) an Aontais a glacadh an 28 Samhain 2025 agus an dlí lena dtrasuitear Rialachán (AE) 2022/2371 a ghlacadh. Tá Montainéagró ina shínitheoir leis an gComhaontú maidir le Soláthar Comhpháirteach i ndáil le Frithbhearta Leighis ó bhí 2020 ann agus tá sé incháilithe cheana féin chun páirt a ghlacadh i nósanna imeachta soláthair chomhpháirtigh.

Is díol sásaimh don Aontas an dul chun cinn atá déanta ag Montainéagró maidir lena chóras faireachais eipidéimeolaíoch a neartú trí acmhainneachtaí diagnóiseacha agus saotharlainne a fheabhsú, faireachas fairtheora a fhorbairt, pointí teagmhála náisiúnta a bhunú, agus rannpháirtíocht na tíre i líonraí Eorpacha faireachais galar. I gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta thuasluaite, tá an tAontas ag dréim go n-áiritheoidh Montainéagró, faoi dháta an aontachais, na hacmhainneachtaí is gá chun *acquis* ábhartha an Aontais a chur i bhfeidhm go hiomlán, lena n-áirítear oibleagáidí a bhaineann le tuairisciú, malartú faisnéise, agus freagairt chomhordaithe ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte.

**Tugann an tAontas dá aire, le glacadh na reachtaíochta a thuairiscítear thuas agus leis an bhfothú acmhainneachta riaracháin atá ar siúl faoi láthair agus atá beartaithe, go gcomhlíontar ceanglais an dara tagarmharc deiridh a leagtar amach in AD 32/14 CONF-ME 26.**

PUBLIC

I réimse foriomlán na **substaintí de bhunús daonna**, tugann an tAontas dá aire go bhfuil leibhéal sásúil ailínithe ag Montainéagró. Maidir le **horgáin**, is díol sásaimh don Aontas na leasuithe a rinne Montainéagró ar an Dlí maidir le horgáin dhaonna a bhaint agus a thrasphlandú chun críoch cóireála Leighis agus an reachtaíocht ábhartha cur chun feidhme a bhaineann leis, ar leasuithe iad atá i gcomhréir le Treoir 2010/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta orgán daonna atá beartaithe le haghaidh trasphlandú agus Treoir Cur Chun Feidhme 2012/25/AE ón gCoimisiún lena leagtar síos nósanna imeachta chun faisnéis a mhalartú idir na Ballstáit maidir le horgáin atá beartaithe le haghaidh trasphlandú.

PUBLIC

Lena chois sin, is díol sásaimh don Aontas go bhfuil Dlí Mhontainéagró maidir le Fíocháin agus Cealla Daonna a Bhaint agus a Thrasphlandú chun Críoch Cóireála, an Dlí maidir le hAtáirgeadh Daonna le Cuidiú Míochaine agus an reachtaíocht cur chun feidhme ábhartha ag teacht le Treoir 2004/23/CE agus le Treoir 2006/17/CE ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2006 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2004/23/CE maidir le fíocháin agus cealla daonna.

Ina theannta sin, is díol sásaimh don Aontas go bhfuil dlí Mhontainéagró maidir le soláthar fola, agus an reachtaíocht cur chun feidhme ábhartha, ailínithe le Treoir 2002/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Eanáir 2003 lena leagtar síos caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta maidir le bailiú, tástáil, próiseáil, stóráil agus dáileadh fhuil agus chomhábhair fola an duine agus le *acquis* cur chun feidhme ábhartha an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire, a mhéid a bhaineann le Rialachán (AE) 2024/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta le haghaidh substaintí de bhunús daonna a bheartaítear lena n-úsáid sa duine, lena n-aisghairfear Treoracha an Aontais maidir le 2002/98/CE agus 2004/23/CE a thiocfaidh i bhfeidhm ó mhí Lúnasa 2027 agus a chuirfear in ionad na dTreoracha sin, gur ghlac Montainéagró plean gníomhaíochta chun ailíniú leis an rialachán thuasluaite. Áirítear sa phlean gníomhaíochta sin acmhainneacht riaracháin agus maoirseacht a neartú chun an Rialachán a chur chun feidhme faoi dháta an aontachais. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró an plean gníomhaíochta a chur chun feidhme go héifeachtach agus é a thabhairt cothrom le dáta gach 6 mhí.

Tathantaíonn an tAontas ar Mhontainéagró an Dlí maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2024/1938 a ghlacadh, lena mbunaítear údarás aonair le haghaidh substaintí de bhunús daonna ag a bhfuil na cumhachtaí, an neamhspleáchas agus na hacmhainní leordhóthanacha is gá chun na gníomhaíochtaí formhaoirseachta a dhéanamh. Tugann an tAontas dá aire tiomantas Mhontainéagró córas forairdill feidhmiúil a chur i bhfeidhm láithreach le haghaidh substaintí de bhunús daonna lena rianaítear frithghníomhartha agus teagmhais dhíobhálacha thromchúiseacha (SARE) agus lena n-áirithítear cumarsáid leordhóthanach leis an Aireacht Sláinte agus obair leantach uaithi, nuair a bheidh sé sin curtha chun feidhme. Tá an tAontas ag dréim go léireoidh agus go gcruthóidh Montainéagró sa Phlean Gníomhaíochta gur cuireadh an córas i bhfeidhm trí thuairisciú a dhéanamh ar líon na bhfógraí sa chóras agus trí obair leantach a dhéanamh ar na fógraí sin.

PUBLIC

Maidir le horgáin, ghlac Montainéagró leis an Dlí maidir le horgáin dhaonna a bhaint agus a thrasphlandú chun críoch cóireála leighis agus an reachtaíocht cur chun feidhme ábhartha maidir le hailíniú le Treoir 2010/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 lena mbunaítear caighdeáin uile-Aontais do cháilíocht agus do shábháilteacht orgán daonna atá beartaithe le haghaidh trasphlandú agus Treoir Cur Chun Feidhme 2012/25/AE ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear nósanna imeachta chun faisnéis a mhalartú idir na Ballstáit maidir le horgáin atá beartaithe le haghaidh trasphlandú.

Tugann an tAontas dá aire freisin le Dlí Mhontainéagró maidir le hÁrachas Sláinte Éigeantach go bhfuil leibhéal maith ailínithe bainte amach aige le Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm agus le Treoir Cur Chun Feidhme 2012/52/AE ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2012 lena leagtar síos bearta le gur fusa a bheidh sé aitheantas a thabhairt d’oidis leighis a eisítear i mBallstát eile. Tathantaíonn an tAontas ar Mhontainéagró faisnéis a áirithiú do shaoránaigh maidir le haitheantas a thabhairt d’oidis leighis agus Pointe Teagmhála Náisiúnta a bhunú maidir le cúram sláinte trasteorann.

A mhéid a bhaineann le hacmhainneachtaí riaracháin, molann an tAontas do Mhontainéagró cur le hacmhainneachtaí foirne, acmhainneachtaí teicniúla agus eagraíochtúla na Roinne Sláinte Poiblí, na Roinne Trasphlandaithe agus na Roinne Bithleighis atá freagrach as reachtaíocht a chur chun feidhme i réimse na substaintí de bhunús daonna, go háirithe trí fhoireann oilte a earcú do gach ceann de na 13 phost atá beartaithe ag Montainéagró, a bhfuil 8 gcinn díobh líonta faoi láthair.

I réimse na **meabhairshláinte**, tugann an tAontas dá aire go bhfuil Montainéagró rannpháirteach i nGníomhaíocht Chomhpháirteach EU4HEALTH maidir le meabhairshláinte grúpaí leochaileacha. Meabhraítear don Aontas gur cheart do Mhontainéagró leanúint de sheirbhísí pobalbhunaithe a áirithiú de rogha ar institiúidiú agus leanúint de leithdháileadh acmhainní airgeadais leordhóthanacha i gcúram meabhairshláinte a áirithiú. Ar an iomlán, moltar go dtugann Montainéagró aird chuí ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte (COM/2023/298).

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil gníomhaíochtaí ar siúl i réimse **an chothaithe**, lena n-áirítear treoirlínte maidir le cothú naíonán agus leanaí óga (0-24 mhí) agus caighdeáin chothaithe d'institiúidí réamh-bhunscoile a chur chun cinn. Rinne Montainéagró go leor gníomhaíochtaí cur chun cinn maidir le cothú linbh ar an gcíoch agus cothú na mban torrach agus na leanaí, chomh maith le hoiliúint na bhfoirne pátrúnachta agus péidiatraiceacha.

I réimse na **ngalar neamhtheagmhálach**, molann an tAontas do Mhontainéagró an Teachtaireacht ón gCoimisiún a bhí ann le déanaí i dtaca le plean de chuid an Aontais um an tsláinte chardashoithíoch (COM(2025)1024) maidir le cosc, luathbhrath agus scagthástáil, cóireáil agus cúram (lena n-áirítear athshlánú) a úsáid mar thagairt .

Meabhraíonn an tAontas a thábhachtaí atá sé **éifeachtaí díobhálacha an alcóil a laghdú**, agus **gortú a chosc** agus **sábháilteacht a chur chun cinn**, lena n-áirítear gníomhaíochtaí lena dtacaítear le haiste bia fholláin agus le gníomhaíocht choirp leordhóthanach don phobal ar fad, go háirithe do leanaí.

I réimse **an choisc ar mhí-úsáid drugaí**, tugann an tAontas dá aire gur ghlac Montainéagró Straitéis maidir le Drugaí 2024–2027, mar aon le Plean Gníomhaíochta 2024–2025, i gcomhréir le beartais agus oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais agus gur ghlac sé fodhlíthe ábhartha sa réimse sin.

Tá cláir náisiúnta um scagthástáil le haghaidh **ailse** chíche, cholaireicteach agus cheirbheacs i bhfeidhm ag Montainéagró, cláir atá ailínithe go páirteach leis an Moladh ón gComhairle an 9 Nollaig 2022 maidir leis an gcosc a neartú trí luathbhrathadóireacht: 'Cur chuige nua an Aontais maidir le scagthástáil ailse' 2022/C 473/01. Molann an tAontas do Mhontainéagró ailíniú go hiomlán le *acquis* sin an Aontais agus iarrachtaí breise a dhéanamh chun cumhdach na gcuirí chuig na cláir sin a mhéadú.



PUBLIC

Maidir leis **an tsláinte dhigiteach**, tugann an tAontas dá aire straitéis náisiúnta Mhontainéagró um fhorbairt na r-shláinte. Molann an tAontas do Mhontainéagró faisnéis a roinnt leis maidir lena chuid iarrachtaí faireacháin i ndáil le cur chun feidhme leanúnach Rialachán (AE) 2025/327 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2025 maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte.

I réimse na **n-éagothromaíochtaí sláinte**, tugann an tAontas dá aire gníomhaíochtaí Mhontainéagró chun sláinte grúpaí leochaileacha sa phobal a fheabhsú, go háirithe cúram sláinte máthartha agus leanaí. A mhéid a bhaineann le mionlaigh eitneacha amhail na Romaigh, tugann an tAontas dá aire go bhfuil 6 phost bunaithe ag Montainéagró d'idirghabhálaithe Romacha i réimse an chúraim sláinte. I réimse **na dtimpeallachtaí sláintiúla agus an mheasúnaithe riosca**, iarrann an tAontas ar Mhontainéagró é a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta maidir lena reachtaíocht náisiúnta a chur chun feidhme, reachtaíocht atá ceaptha lena hailíniú le *acquis* an Aontais maidir le nochtadh do réimsí leictreamaighnéadacha (Moladh 1999/519/CE ón gComhairle).

**Tugann an tAontas dá aire, le glacadh na reachtaíochta a thuairiscítear thuas agus leis an bhfothú acmhainneachta riaracháin atá ar siúl faoi láthair agus atá beartaithe, go gcomhlíontar ceanglais an tríú tagarmharc deiridh a leagtar amach in AD 32/14 CONF-ME 26.**

PUBLIC

*   *   *

I bhfianaise an mhéid a luaitear thuas, tugann an tAontas dá aire nach gá tuilleadh caibidlíochta a dhéanamh ar an gcaibidil seo ag an bpointe seo.

Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis an ailíniú le *acquis* an Aontais agus maidir lena chur chun feidhme le linn na caibidlíochta. Dearbhaíonn an tAontas go dtabharfaidh sé aird faoi leith ar an bhfaireachán ar na saincheisteanna sonracha uile a luaitear thuas d'fhonn cumas riaracháin Mhontainéagró a áirithiú, agus a chumas an *acquis* sa chaibidil seo a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, an t-ailíniú reachtach a thabhairt chun críche a áirithiú agus go mbeidh sé in ann caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse na sláinte poiblí agus na cosanta tomhaltóir.

Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na naisc idir an chaibidil seo agus caibidlí eile caibidlíochta. Ní anois ach ag céim is faide anonn sa chaibidlíocht a bheifear in ann an measúnú deiridh a dhéanamh ar chomhréireacht reachtaíocht Mhontainéagró le *acquis* an Aontais agus ar a indéanta a bheidh sé an reachtaíocht sin a chur chun feidhme. Sa bhreis ar an bhfaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Aontas le haghaidh na caibidlíochta sa chaibidil seo, agus atá le cur ar fáil don Chomhdháil, iarrann an tAontas ar Mhontainéagró faisnéis mhionsonraithe i scríbhinn a chur ar fáil go rialta don Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme an *acquis* agus a chumas riaracháin a neartú.

I bhfianaise na mbreithnithe uile thuas, fillfidh an tAontas, más gá, ar an gcaibidil seo tráth is iomchuí.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann Montainéagró, sna seasaimh chaibidlíochta AD 23/14 CONF-ME 18 agus AD 10/26 CONF-ME 9 uaidh, an acquis faoi chaibidil 28 mar atá i bhfeidhm ón 30 Márta 2026. Thairis sin, tugann an tAontas dá aire go ndearbhaíonn Montainéagró go leanfaidh sé den phróiseas ailínithe leis an acquis agus go mbeidh sé faoi réir le haghaidh chur chun feidhme an *acquis* faoi thráth a aontachais leis an Aontas Eorpach.

Thairis sin, meabhraítear don Aontas go bhféadfadh *acquis* nua teacht chun bheith ann idir an 30 Márta 2026 agus tabhairt i gcrích na caibidlíochta.

---



PUBLIC